Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

Assessment

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

▯ Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Cuireadh tús ar maidin leis an obair thógála do Ghaelionad úr in iarthar Bhéal Feirste. Cosnóidh an foirgneamh úr breis agus dhá mhilliún punt. 'Áras na bhFál' an t-ainm a bheas ar an fhoirgneamh úr a bheas suite iontach cóngarach do Chultúrlann Mac Adam Ó Fiaich.

Beidh lontaobhas na Gaelscolaíochta agus roinnt eagraíochtaí eile Gaeilge á lonnú san fhoirgneamh úr a fhágfaidh go mbeidh sé mar lárionad na Gaeilge sa chathair. Foirgneamh ceithre stór nua-aimseartha a bheas ann agus é ag teacht go mór le timpeallacht na háite.

Baileoidh ionadaithe lontaobhas na Gaelscolaíochta agus lucht maoinithe an fhoirgnimh le chéile ar maidin le tús oifigiúil a chur leis an obair thógála.

Dúirt Pilib Mistéil, atá ina chathaoirleach ar lontaobhas na Gaelscolaíochta go ndearna muintir iarthar Bhéal Feirste éacht leis an mhaoiniú a fháil agus ghabh sé buíochas mór leis na grúpaí éagsúla, An Roinn Oideachais ina measc, a chuir maoiniú ar fáil. Dúirt sé go bhfuil lúcháir mhór air go bhfuil tús á chur leis an obair.

Dúirt Pilib fosta go léiríonn an fhorbairt nua seo go bhfuil ról lárnach ag an Ghaeilge in athbheochan fhisiciúil na cathrach, ról a théann siar chuig naoi déag seachtó a haon nuair a bunaíodh an chéad bhunscoil lánGhaeilge sa chathair.

Tá pleananna an fhoirgnimh úir ar taispeáint ar an suíomh idirlín. Táthar ag tuar go mbeidh an foirgneamh réidh thart faoi mhí lúil na bliana seo chugainn.

Foinse: "Tús á chur inniu le tógáil 'Áras na bhFál' i mBéal Feirste, ionad nua £2 milliún don Ghaeilge" by Méabh Ní Thuathaláin, 04 September 2018
© Tuairisc.ie

2 Deirtear go bhfuil fadhb an alcóil ar na fadhbanna sóisialta is mó i dTuaisceart Éireann. Fuair beagnach trí chéad duine bás de dheasca mhí-úsáid alcóil anuraidh. Tá an scéal sin ag cur imní mór ar dhochtúirí agus ar pholaiteoirí áitiúla. Dúirt an tAire Sláinte go gcosnaíonn tinneas bainteach le mí-úsáid alcóil dhá chéad caoga milliún punt in aghaidh na bliana ar na seirbhísí sláinte. Dúirt sé fosta go raibh ar an rialtas dul i ngleic leis an fhadhb agus mhol sé go gcuirfí cáin ard ar na deochanna meisciúla is láidre. Dúirt sé go dtiocfadh le daoine éirí as an alcól ach an cuidiú ceart a bheith ar fáil dóibh.

Labhair sé ar fhear darb ainm Peadar arb as Contae Fhear Manach é a chaith beagnach fiche bliain ag baint mí-úsáid as alcól. Briseadh Peadar as a phost agus d'fhág a bhean agus a chlann é mar gheall ar a fhadhb ólacháin. D'ól Peadar gach lá ó bhí sé ocht mbliana déag d'aois go dtí go raibh sé seacht mbliana is tríocha. D'ól sé dhá bhuidéal leann úll agus sé channa beorach gach lá. Ní raibh Peadar ábalta dul a chodladh gan alcól agus fágadh gan dídean é nuair a bhí sé trí bliana is tríocha d'aois agus é ar lorg déirce chun é féin a choinneáil beo. Ní raibh Peadar ach seacht gcloch mheáchain faoin am sin agus bhuail taom tinnis é. Dúirt an dochtúir leis go bhfaigheadh sé bás mura n-éireodh sé as an alcól láithreach.

D'fhreastail Peadar ar chlár athshlánúcháin alcóil ar chomhairle a dhochtúra agus tháinig sé slán as. Tá Peadar éirithe as an alcól le cúig bliana anuas agus d'éirigh leis Maratón Bhéal Feirste a rith i mbliana. Mhol an tAire Sláinte do dhuine ar bith atá ag fulaingt mar gheall ar andúil san alcól cuidiú a iarraidh.

Source: Examiner

This is the end of the recording.